Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Márta 2023
(OR. en)

6991/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0067 (NLE)**

**ECOFIN 201**
**FIN 269**
**UEM 51**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Fhionlann a fhormheas |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Fhionlann a fhormheas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 18(2) agus Airteagal 20 (1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Fhionlainn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('RRP') a thíolacadh an 27 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 29 Deireadh Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme (‘Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021')[1].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh gach Ballstáit le nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos.

(3) An 26 Eanáir 2023, chuir an Fhionlainn a RRPnuashonraithe faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241, chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas RRP nuashonraithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

[1] Féach doiciméid: ST 12524/21 INIT agus ST 12524/21 ADD 1 ar http://register.consilium.europa.eu.

(4) Déanann an nuashonrú a thíolaic an Fhionlainn difear do 23 bheart faoi chomhpháirteanna P1C2, P1C3, P1C4, P2C1, P2C2, P3C1, P3C2, P3C3, P3C4 agus P4C1 dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021.

(5) Baineann Athchóiriú P1C2R1 leis an ‘Climate Act’ a nuashonrú agus le tionsclaíocht ísealcharbóin. D'iarr an Fhionlainn tagairtí earráideacha don 'Climate Change Act' a cheartú sna garspriocanna lena bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 11 agus 12 agus chuir sí fianaise ar fáil lena dheimhniú gurb é 'Climate Act'‘ an tagairt cheart.

(6) Le hinfheistíocht P1C2I1 soláthraítear cistiú chun hidrigin íseal-astaíochtaí a tháirgeadh agus a úsáid chomh maith le dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) a ghabháil agus a úsáid. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh costas measta an bhirt sin a athbhreithniú síos ó EUR 156 milliún go EUR 136 milliún, rud a chiallaíonn gur féidir líon níos lú tionscadal a mhaoiniú. Thairis sin, mhínigh an Fhionlainn go bhfuil tús curtha cheana féin le cur chun feidhme an bhirt sin agus go bhfuil meánmhéid an tionscadail níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis tráth a cuireadh RRP tosaigh na Fionlainne isteach. Ar an mbonn sin, nuashonraigh an Fhionlainn RRPle go ndéanfaí an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 18 chun an sprioc sin a athbhreithniú síos agus lena gceangal go gcuirfear i gcrích trí thionscadal dá dtugtar tacaíocht in ionad cúig thionscadal dá dtugtar tacaíocht.

(7) Le hinfheistíocht P1C2I2 soláthraítear cistiú i gcomhair an leictriú díreach agus ísealcharbónú próiseas tionsclaíoch arb é is aidhm dóibh astaíochtaí $CO_2$ a laghdú sa earnáil tionsclaíochta. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh costas measta an bhirt sin a athbhreithniú síos ó EUR 60 milliún go EUR 48 milliún, rud a chiallaíonn gur féidir líon níos lú tionscadal a mhaoiniú. Ar an mbonn sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP le go ndéanfaí an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 21 chun an sprioc sin a athbhreithniú síos go comhréireach agus a cheangal go gcuirfear i gcrích trí thionscadal dá dtugtar tacaíocht in ionad ceithre thionscadal dá dtugtar tacaíocht.

(8) Baineann Infheistíocht P1C3I1 le tacaíocht a thabhairt i gcomhair deireadh a chur le téamh ola iontaise de réir a chéile. I bhfianaise an nuashonraithe síos ar an ranníocaíocht uasta airgeadais don Fhionlainn, baineadh an beart sin RRP nuashonraithe na Fionlainne. Dá bhrí sin, ba cheart an tuairisc ar infheistíocht maidir le córais téimh, chomh maith leis na garspriocanna comhfhreagracha lena bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 28, 29 agus 30 a bhaint.

(9) Le hinfheistíocht P1C4I1 soláthraítear cistiú i gcomhair an bhonneagair dáileacháin le haghaidh feithiclí gáis, leictreacha agus hidrigine. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh costas measta an bhirt sin a athbhreithniú síos ó EUR 20 milliún go EUR 13.6 milliún, rud a chiallaíonn gur féidir líon níos lú tionscadal a chistiú. Mhínigh an Fhionlainn, mar gheall ar an ranníocaíocht airgeadais laghdaithe agus ar chur chun feidhme mall roinnt teicneolaíochtaí, nach bhfuil sé beartaithe aici an maoiniú a dhíriú ach ar na teicneolaíochtaí sin atá níos éifeachtaí agus ar féidir iad a chur chun feidhme go tapa, chun éifeachtacht an bhirt a áirithiú. Ar an mbonn sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRPionas nach soláthrófar tacaíocht ach chun bonneagar luchtaithe a thógáil d'fheithiclí leictreacha agus do stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine amháin. Ar an gcúis sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP don gharsprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 39 chun tagairtí do ghlaonna ar iarratais ar bhonneagar dáileacháin le haghaidh feithiclí gáis a bhaint agus chun an féilire glaonna nuashonraithe a chur san áireamh. Ina theannta sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP ionas go ndéanfar na spriocanna lena bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 40, 41, 42 agus 43 a chomhdhlúthú i sprioc nua 40, a thagraíonn do ghealltanas um buiséad laghdaithe maidir leis an mbeart chun luchtairí feithiclí leictreacha agus stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine a mhaoiniú. Ar deireadh, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP chun an t-amlíne tháscach don sprioc nua 40 chun go socrófar an amlíne sin ag an dara ráithe in 2025 in ionad an dara ráithe in 2024 mar thoradh ar agaí forghníomhaithe níos faide. Ba cheart na hathruithe sin a léiriú freisin sa tuairisc ar an mbeart san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021.

(10) Baineann infheistíocht P1C4I2 le cistiú i gcomhair bonneagar luchtaithe foirgneamh cónaithe agus le raon feidhme na tacaíochta i gcomhair bonneagar luchtaithe phríobháidigh a leathnú chun áiteanna oibre a chumhdach. I bhfianaise an nuashonraithesíos ar an ranníocaíocht uasta airgeadais don Fhionlainn, baineadh an beart sin de RRP nuashonraithe na Fionlainne. Dá bhrí sin, ba cheart an tuairisc ar an infheistíocht maidir le bonneagar luchtaithe phríobháidigh, chomh maith leis na garspriocanna agus na spriocanna comhfhreagracha lena bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 44, 45 agus 46 a bhaint.

(11) Le hinfheistíocht P2C1I1 soláthraítear cistiú chun cáilíocht agus infhaighteacht nasc cumarsáide a mhéadú i gceantair nach soláthraítear naisc den sórt sin iontu ar bhonn sásraí margaidh amháin. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh costas measta an bhirt sin a athbhreithniú síos ó EUR 50 milliún go EUR 32 milliún, rud a chiallaíonn gur féidir líon níos lú tionscadal a mhaoiniú. Ar an mbonn sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP le go ndéanfaí an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 56 chun go ndéanfar an sprioc sin a athbhreithniú síos go comhréireach ó 10 000 áitreabh nua ar a laghad a mbeidh rochtain á fáil acu ar leathanbhanda ardluais (100/100 Mbit) go 6 400 áitreabh nua ar a laghad a mbeidh rochtain á fáil acu ar leathanbhanda ardluais (100/100 Mbit). Ar an gcaoi chéanna, d'iarr an Fhionlainn go ndéanfaí an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 57 a athbhreithniú síos go comhréireach ó 25 000 áitreabh nua ar a laghad a mbeidh rochtain á fáil acu ar leathanbhanda ardluais (100/100 Mbit) go 16 000 áitreabh nua ar a laghad a mbeidh rochtain á fáil acu ar leathanbhanda ardluais (100/100 Mbit).

(12) Le hinfheistíocht P2C2I2 soláthraítear cistiú chun ardán seirbhíse na Fionlainne Fíorúla a fhorbairt chun soláthar seirbhísí digiteacha gan stró ón earnáil phoiblí agus phríobháideach a éascú do spriocghrúpaí éagsúla a thagann chun na Fionlainne. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh costas measta an bhirt sin a athbhreithniú síos ó EUR 9 milliún go EUR 4 mhilliún. Tá sé beartaithe ag an bhFionlainn cur chun feidhme praiticiúil an tionscadail a chur i gcrích le cistiú agus le modhanna eile, agus an leibhéal céanna uaillmhéine á choinneáil maidir le hardán cineálach margaidh a chruthú. Ar an mbonn sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP chun an tuairisc ar an mbeart a mhionathrú lena léiriú go n-athnuafar an coincheap seirbhíse agus go ndéanfar seirbhís amháin a chomhtháthú san ardán leis an infheistíocht, agus an fhéidearthacht á soláthar chun seirbhísí eile a chomhtháthú, seirbhísí a láimhseáiltear ar leithligh faoi láthair in aireachtaí agus i ngníomhaireachtaí éagsúla, isteach in eintiteas amháin atá so-úsáidte. Mar thoradh air sin, rinneadh an gharsprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 63 a bhaineann le teacht i bhfeidhm ardán comhpháirteach na Fionlainne Fíorúla agus seirbhísí comhtháite a athbhreithniú lena léiriú go soláthrófaí le hinfheistíocht P2C2I2 coincheap foriomlán inscálaithe, ailtireacht agus bailíochtú praiticiúil (cruthúnas ar choincheap). Is é is cuspóir don gharsprioc ardán a chruthú leis na seirbhísí digiteacha ábhartha a theastaíonn le haghaidh margadh idirnáisiúnta agus áit chruinnithe do chuideachtaí na Fionlainne agus do chuideachtaí eachtracha, do chuideachtaí fáis, do shaineolaithe imirce agus d'infheisteoirí. Ina theannta sin, sonraítear le garsprioc 63 go soláthrófar cumais ar an ardán do ghníomhaireachtaí, do chuideachtaí agus do bhardais na hearnála poiblí chun leas a bhaint as na feidhmiúlachtaí ina bpróisis féin agus rinneadh é a athbhreithniú síos ón gceanglas dhá sheirbhís ar a laghad a comhtháthaíodh, a bhaineann leis an bpróiseas iontrála do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí eachtracha, go dtí seirbhís amháin ar a laghad.

(13) Baineann athchóiriú P3C1R2 le deireadh a chur le laethanta breise liúntais dífhostaíochta. Sainaithníodh earráid chléireachais sa tuairisc ar an ngarsprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 80, a thagraíonn do 'Unemployment Security Acts', seachas 'Unemployment Security Act', mar a luaitear in ainm an bhirt.

(14) Baineann athchóiriú P3C1R3 le cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas inimirce bunaithe ar obair agus ar oideachas. Is é is aidhm don bheart (a) modh mear a chruthú chun ceadanna cónaithe a phróiseáil do speisialtóirí, d'fhiontraithe fáis agus dá mbaill teaghlaigh (sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 83) agus (b) am na próiseála a ghiorrú chun ceadanna cónaithe bunaithe ar obair agus ar oideachas a dheonú (an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 84). Maidir leis an modh mear, ríomhadh an bhonnlíne go hearráideach ar bhonn mheán-am próiseála na gcinntí maidir le catagóirí speisialtóirí agus fiontraithe fáis, seachas meán ualaithe an dá chatagóir. Ina theannta sin, bhí catagóirí na n-iarratas a bhí sa bhonnlíne difriúil leis na cinn a bhí incháilithe don mhodh mear. Maidir leis na ceadanna oibre agus oideachais, tá neamhréir le feiceáil i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021, toisc go mbaineann an sprioc le ceadanna cónaithe atá bunaithe ar obair agus ar oideachas, agus léirítear leis an mbonnlíne próisis maidir le cead cónaithe oibrithe, speisialtóirí agus fiontraithe fáis. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an bhFionlainn ceartuithe a dhéanamh ar an mbonnlíne ionas go gcumhdófar léi ceadanna oibre agus staidéir agus go mbeidh sí ag teacht leis an sprioc. Is gá a shoiléiriú freisin go bhfuil feidhm ag an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 84 maidir leis na ceadanna arna ndeonú. Leis na ceartuithe sin is féidir comparáid níos dírí a dhéanamh idir an bhonnlíne agus an sprioc le haghaidh na spriocanna lena bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 83 agus 84.

(15) Baineann athchóiriú P3C1R4 leis na seirbhísí ildisciplíneacha do dhaoine óga a neartú (seirbhísí Ohjaamo). I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh costas measta an bhirt sin a athbhreithniú síos ó EUR 13 milliún go EUR 6.5 mhilliún. Ar an mbonn sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP don sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 85 trína hathbhreithniú síos go comhréireach leis an cistiú laghdaithe. Cé nach n-athraítear cineál an ghealltanais, rinneadh an sprioc a athbhreithniú trína ceangal leis na hacmhainní laghdaithe a leithdháiltear, atá níos oiriúnaí chun cuspóir an bhirt a ghabháil, agus trí amlíne an chur chun feidhme a nuashonrú chun an modh trínar féidir an cistiú laghdaithe a chur chun feidhme go héifeachtach a léiriú. Soiléirítear raon feidhme na seirbhísí comhtháite freisin i gcomhréir leis an mbonnlíne a sholáthair an Fhionlainn, a tháinig leis an aidhm seirbhísí sóisialta, sláinte agus oideachais a sholáthraítear in ionaid Ohjaamo a mhéadú leis na hacmhainní a leithdháiltear, gan rún na trí sheirbhís sin go léir a chlúdach i ngach ionad Ohjaamo. Ba cheart tuairisc an bhirt san Iarscríbhinn a ghabhann le Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú chun teacht leis an athbhreithniú sin, agus chun earráid chléireachais a cheartú lena dtabharfaí le tuiscint go mbeadh fostaíocht ar cheann de na seirbhísí a chumhdófaí faoin mbeart sin, toisc nach luaitear é sini RRP na Fionlainne.

(16) Le hinfheistíocht P3C1I1 soláthraítear cistiú chun cumas oibre, táirgiúlacht agus folláine a fhorbairt ag an obair. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh costas measta an bhirt infheistíochta sin a athbhreithniú síos ó EUR 47 milliún go EUR 37,5 milliún. Cialaíonn an buiséad laghdaithe don bheart sin gur féidir le hoibreoir nua idirmheánach an mhargaidh saothair líon níos lú fostaithe a fhostú. Ar an mbonn sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP le go ndéanfaí na spriocanna lena bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 87 agus 88 chun go ndéanfar na spriocanna sin a athbhreithniú síos ó 400 go 170 duine faoi mhíchumas agus ó 700 go 650 duine faoi mhíchumas, faoi seach. Ina theannta sin, aithníodh earráid chléireachais sa sprioc ina bhfuil an uimhir sheicheamhach 89, maidir le húsáid an téarma "ceantar ospidéil". Athraítear ceantair ospidéil ina réimsí leasa faoi athchóiriú na hearnála sóisialta agus sláinte le tacaíocht ó P4C1R1. Ba cheart an téarmaíocht idir na bearta sin a ailíniú.

(17) Tá sé d’aidhm agAthchóiriú P3C2R1 feabhas a chur ar dheiseanna fostaíochta daoine in aois oibre trína gcuid scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt agus tacú le hacmhainneacht fáis fhadtéarmaigh cuideachtaí agus le beogacht réigiún. Sainaithníodh earráid chléireachais sa gharsprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 92 chomh maith leis an tsamhail fadbhreathnaitheachta meántéarma a fhorbairt, tagraíonn an gharspriocsin go hearráideach d'fhorbairt samhlacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha. Sholáthair an Fhionlainn fianaise lena ndeimhnítear go raibh samhlacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ann cheana tráth a glacadh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 agus nach raibh sé i gceist riamh go dtacófaí leo faoin mbeart um RRP sin. Bhí sé i gceist aici samhail réamhaisnéise mheántéarma a chur i gcrích lena gcomhlánófaí na samhlacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha atá ann cheana. Is gá, dá bhrí sin, na tuairiscí ar na garspriocanna a leasú trí thagairtí do shamhlú gearrthéarmach agus fadtéarmach a bhaint dá réir.

(18) Tá sé d'aidhm ag infheistíocht P3C2I1 athrú an chórais forbartha oideachais, oiliúna agus scileanna thar theorainneacha riaracháin a éascú agus a luathú trí chlár fairsing digitithe a chur i gcrích. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh costas measta an bhirt sin a athbhreithniú síos ó EUR 46 milliún go EUR 32 mhilliún. Cialaíonn an buiséad laghdaithe gur féidir sciar níos ísle de sheirbhísí digiteacha oibríochtúla nua a chur ar fáil. Nuashonraigh an Fhionlainn a RRP chun athbhreithniú a dhéanamh ar an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 97 ó 80 % go 70 % de na seirbhísí a bheidh ar fáil, seirbhísí a laghdú agus a chuachadh chun leas a bhaint as sineirgí agus síneadh bliana go dtí 2025 in ionad 2024 don dháta críochnaithe. De réir na Fionlainne, éascófaí leis sin na híosfheidhmíochtaí is gá a choinneáil nach ráthófaí le laghdú comhréireach ar na seirbhísí agus maolófaí éifeachtaí diúltacha an leithdháilte laghdaithe trí fhorbairt agus cur chun feidhme na seirbhísí a athphleanáil. Nuashonraigh an Fhionlainn a RRP freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an teanga sa tuairisc ar an sprioc chun a cruinneas a fheabhsú agus an leithdháileadh laghdaithe á chur san áireamh. Áirítear leis sin tagairt a dhéanamh d'fheidhmiúlachtaí a áirítear sna seirbhísí seachas tagairt a dhéanamh do sheirbhísí amháin, an tagairt do chumais faoin bhfeidhmiúlacht mapála a scriosadh agus tagairt d'oiliúint faoin bhfeidhmiúlacht faisnéise a chur isteach. Chomh maith leis sin, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an tuairisc ar an mbeart chun síneadh a chur leis an dáta críochnaithe go 2025 agus raon feidhme an bhirt a shoiléiriú trí oideachas agus cúram luathóige a eisiamh go sainráite ón bpacáiste digiteach le haghaidh foghlaim leanúnach.

(19) Le hinfheistíocht P3C3I3 soláthraítear cistiú chun borradh a chur faoi ghníomhaíochtaí taighde, forbairt agus nuálaíocht (‘TFN’) a thacaíonn leis an aistriú glas, ag díriú ar phríomh-earnálacha agus príomhtheicneolaíochtaí an aistrithe ghlais. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh costas measta na hinfheistíochta sin a athbhreithniú síos ó EUR 27 milliún go EUR 25 mhilliún. Ar an mbonn sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP chun an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 108 a athbhreithniú chun go mbeidh an tuairisc ag teacht leis an athrú ar an cistiú arna leithdháileadh ar an mbeart.

(20) Le hinfheistíocht P3C3I4 soláthraítear cistiú chun infheistíochtaí fiontar beag agus meánmhéide in TFN a mhéadú agus chun a n-ullmhacht don aistriú digiteach agus don aistriú glas a fheabhsú. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, déantar costas measta an bhirt sin a athbhreithniú síos ó EUR 20 milliún go EUR 18 milliún, rud a chiallaíonn gur féidir líon níos lú tionscadal a mhaoiniú. Ar an mbonn sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP chun go ndéanfaí an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 110 a athbhreithniú síos go comhréireach agus ó dhámhachtain 25 dheontas ar a laghad go 22 dheontas ar a laghad. Ina theannta sin, tá an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 111 le hathbhreithniú chun go mbeidh an tuairisc ag teacht leis an athrú ar an cistiú arna leithdháileadh ar an mbeart.

(21) Le hinfheistíocht P3C3I5 soláthraítear cistiú le haghaidh athnuachan agus forbairt bonneagair taighde áitiúil. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh costas measta na hinfheistíochta sin a athbhreithniú síos ó EUR 30 milliún go EUR 25,25 milliún, rud a thugann le tuiscint gur féidir líon níos lú tionscadal a mhaoiniú. Ar an mbonn sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP chun go ndéanfaí an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 113 a athbhreithniú síos go comhréireach agus ó dhámhachtain 12 dheontas ar a laghad go dámhachtain 10 ndeontas ar a laghad. Ar an gcaoi chéanna, tá an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 114 le hathbhreithniú chun go mbeidh an tuairisc ag teacht leis an athrú ar an cistiú arna leithdháileadh ar an mbeart.

(22) Le hinfheistíocht P3C3I7 soláthraítear cistiú chun tacú le forbairt timpeallachtaí tástála (bonneagair nuálaíochta), agus béim á cur ar chuspóirí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh costas measta na hinfheistíochta sin a athbhreithniú síos ó EUR 25 milliún go EUR 20,75 milliún, rud a chiallaíonn gur féidir líon níos lú tionscadal a mhaoiniú. Ar an mbonn sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP chun go ndéanfaí an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 119 a athbhreithniú síos go comhréireach ó dhámhachtain ceithre dheontas ar a laghad go dámhachtain trí dheontas ar a laghad, agus chun go ndéanfaí an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 120 a athbhreithniú chun go mbeidh an tuairisc ag teacht leis an athrú ar an cistiú arna leithdháileadh ar an mbeart.

(23) Le hinfheistíocht P3C4I1 soláthraítear cistiú chun dlús a chur le fás mhicrifhiontair agus fhiontair bheaga na Fionlainne agus chun borradh a chur faoina gcumas idirnáisiúnaithe. I bhfianaise na ranníocaíochta airgeadais uasta don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh cistiú measta an bhirt infheistíochta sin a athbhreithniú síos ó EUR 10 milliún go EUR 4,6 milliún, rud a chiallaíonn gur féidir líon níos lú tionscadal a mhaoiniú. Ar an mbonn sin, rinne an Fhionlainn a RRPa nuashonrú chun go ndéanfaí an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 123 a athbhreithniú síos go comhréireach ó chur i gcrích 240 ar a laghad dá dtugtar tacaíocht go dtí 110 tionscadal ar a laghad dá dtugtar tacaíocht.

(24) Le hinfheistíocht P3C4I2 soláthraítear cistiú chun tacú le fás idirnáisiúnta cuideachtaí trí dheontais shonracha forbartha agus tá na hidirghabhálacha seo a leanas ina measc: (a) clár chun geilleagar ciorclach ísealcharbóin agus athnuachan dhigiteach a chur chun cinn sa tionscal agus onnmhairí seirbhísí tionsclaíocha a mhéadú; (b) éiceachóras iompair feithiclí leictreacha tromshaothair; (c) fóirdheontas le haghaidh tiontú agus soláthar feithiclí; (d) saineolas agus teicneolaíocht sláinte agus folláine; (e) clár um fhás agus um onnmhairí saineolais uisce. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh cistiú measta an bhirt sin a athbhreithniú síos ó EUR 24 mhilliún go EUR 17 milliún. Ar an mbonn sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP chun an idirghabháil maidir leis an bhfóirdheontas le haghaidh tiontú feithiclí agus soláthar feithiclí a bhaint den gharsprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 124. Ina theannta sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP chun go ndéanfaí an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 126 a athbhreithniú síos ó 550 eintiteas ar a laghad a fuair tacaíocht go 40 tionscadal ar a laghad. I ndiaidh an idirghabháil maidir leis an bhfóirdheontas le haghaidh tiontú feithiclí agus soláthar feithiclí a bhaint, lena raibh daoine nádúrtha i measc na bhfaighteoirí deiridh i gceist, tá an tagairt d'eintitis dá dtugtar tacaíocht sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 le hathrú go tionscadail chríochnaithe ar mhaithe le tuilleadh soiléireachta.

(25) Le hinfheistíocht P3C4I4 soláthraítear cistiú chun borradh a chur faoin bhfás inbhuanaithe agus faoin nuálaíocht san earnáil turasóireachta. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, rinneadh cistiú measta an bhirt sin a athbhreithniú síos ó EUR 20 milliún go EUR 11,75 milliún, rud a chiallaíonn gur féidir tacú le líon níos lú eintiteas. Ar an mbonn sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP le go ndéanfaí an gharsprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 130 chun an chlochmhíle sin a athbhreithniú lena léiriú nach bhfuil ach glao amháin ar iarratais ar chistiú TFN chuig an earnáil turasóireachta le seoladh. Ina theannta sin, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP chun go ndéanfaí an sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 131 a athbhreithniú síos ó 35 eintiteas ar a laghad go 14 eintiteas ar a laghad a gheobhaidh tacaíocht. Mar thoradh air sin, is iad cuideachtaí amháin a bheadh sna heintitis a gheobhaidh tacaíocht agus ní institiúidí ardoideachais nó institiúidí taighde a thuilleadh. Maidir leis an leithdháileadh airgeadais laghdaithe, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP chun garsprioc a dhéanamh den sprioc ag a bhfuil an uimhir sheicheamhach 132 a bhaineann le cur chun feidhme áireamháin loirg carbóin dhigitigh do sheirbhísí turasóireachta. Níor cheart go dtagródh an gharsprioc ach do phleanáil, forbairt agus foilsiú an áireamháin loirg carbóin dhigitigh do sheirbhísí turasóireachta, agus go gcuirfí ábhar oiliúna ar fáil d'úsáideoirí, agus an leithdháileadh laghdaithe á chur san áireamh. Ar deireadh, nuashonraigh an Fhionlainn a RRP chun an tuairisc ar an mbeart a choigeartú dá réir trí chéim chur chun feidhme an áireamháin loirg carbóin dhigitigh a bhaint, a raibh sé mar aidhm leis úsáid an áireamháin náisiúnta loirg carbóin dhigitigh do sheirbhísí turasóireachta a chur chun feidhme i 45 % ar a laghad de na cuideachtaí agus de na réigiúin turasóireachta atá tiomanta do chlár Taistil Inbhuanaithe na Fionlainne.

(26) Le hinfheistíocht P4C1I1 soláthraítear cistiú chun cur i bhfeidhm na ráthaíochta cúraim a chur chun cinn agus riaráiste na seirbhíse mar gheall ar phaindéim COVID-19 a laghdú. I bhfianaise na ranníocaíochta uasta airgeadais don Fhionlainn a nuashonrú síos, déantar cistiú measta an bhirt infheistíochta sin a athbhreithniú síos ó EUR 230 milliún go EUR 178 milliún. Níl aon athrú a bhaineann leis an ranníocaíocht airgeadais laghdaithe beartaithe don tuairisc ar an mbeart ná don sprioc ghaolmhar. Sainaithníodh earráid chléireachais, áfach, a mhéid a bhaineann leis an mbonnlíne don sprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 136. Ní chuimsítear leis an mbonnnlíne reatha go hearráideach ach cuairteanna fisiceacha amháin, leis an luach a cláraíodh i mí Eanáir 2020, agus baineann an ráthaíocht chúraim agus an beart mar a thuairiscítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 le gach cuairt. Sholáthair an Fhionlainn fianaise mar thaca leis an mbonnlíne a athrú go 67 % do na cuairteanna go léir i mí Eanáir 2020.

(27) Le hinfheistíocht P4C1I3 soláthraítear cistiú chun cáilíocht agus éifeachtúlacht costais seirbhísí sóisialta agus sláinte a mhéadú trí thaighde ar dhea-chleachtais a chur chun cinn agus faireachán éifeachtach agus modhanna anailíse a fhorbairt. Sainaithníodh earráid chléireachais sa tuairisc ar an ngarsprioc lena bhfuil an uimhir sheicheamhach 138, mar go ndéantar tagairt do leathnú fhaireachán na ráthaíochta cúraim ag baint úsáid as seirbhísí Kanta digiteacha ó 90 % de na lárionaid sláinte go dtí gach ceann acu. Sholáthair an Fhionlainn fianaise, áfach, lena ndeimhnítear nach raibh sé sin beartaithe riamh, toisc nach raibh an fheidhmiúlacht sin á tairiscint ag seirbhísí Kanta nuair a glacadh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 agus toisc go mbailítear na sonraí sin trí chlárlann cúraim phríomhúil.

(28) Léirítear freisin athruithe a rinneadh laistigh de Roinn 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómahi 2021 i Roinn 2 den Iarscríbhinn sin, ina sonraítear an tacaíocht airgeadais a thugtar don Fhionlainn maidir le gach tráthchuid íocaíochta. Léirítear leis na hathruithe sin baint agus mionathrú na ngarspriocanna agus na spriocanna a dtugtar tuairisc orthu thuas, agus na méideanna íocaíochta do gach tráthchuid á nuashonrú freisin chun ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

(29) Ní théann cineál spriocdhírithe na mionathruithe arna ndéanamh ag an bhFionlainn i gcion ar mheasúnú dearfach an RRP maidir lena ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht nó comhleanúnachas .

(30) Go sonrach, maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach in Airteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241, in ainneoin gur baineadh na bearta infheistíochta a bhaineann le córais téimh agus bonneagar luchtaithe phríobháidigh a athsholáthar, tugtar aghaidh fós sa RRP ar gach ceann de na dúshláin nó ar fhothacar de na dúshláin a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an bhFionlainn in 2019 agus 2020, lena n-áirítear dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas. Tá sraith shuntasach de bhearta glasa fós sa RRP nuashonraithe, lena n-áirítear deireadh a chur le téamh ola iontaise de réir a chéile agus soghluaisteacht inbhuanaithe. Go sonrach, leagfar amach sa 'Phlean Gníomhaíochta chun deireadh a chur le téamh ola iontaise de réir a chéile' na bearta uile is gá chun tacú le deireadh a chur le téamh ola iontaise de réir a chéile i ngach foirgneamh san Fhionlainn faoi 2030. Thairis sin, áirítear sa "Treochlár um iompar saor ó iontaise bearta" arb é is aidhm dóibh astaíochtaí iompair a laghdú 50 % in 2030 i gcomparáid le 2005 agus áirítear leis an RRP beart infheistíochta lena dtacaítear leis an mbonneagar poiblí athluchtaithe agus athbhreoslaithe le haghaidh feithiclí gáis, leictreacha agus hidrigine.

(31) Ina theannta sin, maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach in Airteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241, agus an ranníocaíocht airgeadais laghdaithe agus an RRP nuashonraithe á gcur san áireamh, is ionann na bearta a chuireann go héifeachtach leis an aistriú glas agus 50.1 % de leithdháileadh iomlán nuashonraithe an RRP, i gcomparáid leis an 50,3 % RRP tosaigh. Rinneadh na figiúirí sin a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(32) Thairis sin, maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach in Airteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241, na bearta lena gcuirtear go héifeachtach le cuntas an aistrithe dhigitigh le haghaidh méid arb é 29.6 % é de leithdháileadh iomlán nuashonraithe RRP, i gcomparáid le 27.5 % sa RRP tosaigh. Rinneadh na figiúirí sin a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(33) Maidir leis na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Airteagal 19(3), pointí (a), (c), (d), (g), (h), (i), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241, ní théann na mionathruithe teoranta ar an RRP i gcion ar an measúnú dearfach ar an bplean tosaigh.

(34) Tar éis an measúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir le RRP na Fionlainne agus an toradh go gcomhlíonann an RRPna critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, ba cheart go leagfaí amach sa Chinneadh seo na leasuithe ar na hathchóirithe agus ar na tionscadail infheistíochta is gá chun an RRP nuashonraithe a chur san áireamh.

(35) Is é EUR [1 822 137 000] méid chostas iomlán measta RRP na Fionlainne. Ós rud é go gcomhlíonann an RRP nuashonraithe na critéir measúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241 agus, ina theannta sin, ós rud é go bhfuil suim chostais iomlána mheasta RRP nuashonraithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Fhionlainn, ba cheart go mbeadh an ranníocaíocht airgeadais arna leithdháileadh ar RRP nuashonraithe na Fionlainne cothrom le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Fhionlainn.

(36) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Fhionlann a fhormheas mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*
*Measúnú ar RRP a fhormheas*

Formheastar an measúnú ar RRP na Fionlainne a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garscpriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Fhionlainn i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha dar luach EUR 1 822 051 146[*]. Beidh méid EUR 1 660 743 618 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022. Beidh méid breise EUR 161 307 528 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Fhionlainn i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Féadfaidh an Coimisiún na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.';

---

* Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Fionlainne de na speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.';

(3) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Fionlainne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*